

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**

**Turas na Croise gach Domhnach @ 5.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

## Uair Bheannaithe

Cill Éinde, Spidéal

Gach Aoine ón 8.00i.n.- 9.00 le linn an Charghais

**Fáilte roimh cách**




Beidh Cóineartú ag Rang 6 ó Scoil Éinne i gCill Éinde, Spidéal.

**Dé Céadaoin11/03/2026 @ 11.00 a.m.**

**Guímid Beannacht Dé orthu agus iad ag glacadh an Sacraimint**

**Ministreacht Caiticeasmóra agus an Diacónacht Bhuan.**

An mbeadh suim agat freastal i Ministreacht Caiticeasmóra nó sa Diacónacht Bhuan sna Deoisí seo:
Cluain Fearta, Gaillimh, Cill Mac Duach agus Cill Fhionnuarach? Mar chuid d'f-hoireann thiomanta is chruthaitheach, in éindí le sagairt, déagánaí, comhairlí tréadach paróiste agus grúpaí eile, cabhraíonn caiticeasmóirí le cur chun cinn clár forbartha creidimh agus deiseanna eile ag leibhéal an pharóiste agus níos faide anonn.
Oirnítear Déagánaí Buana chun go mbeidís gníomhach i saol seirbhíse carthanachta ar son na mbocht agus ar son siúd atá leochaileach agus imeallaithe. Chomh maith leis sin, solathraíonn siad ministreacht an Bhriathair trí sheanmóireacht san Eaglais agus trí a bheith rannpháirteach i Liotúirgí áirithe. Beidh siad rannpháirteach freisin i ministreacht na hAltóra, trí chúnamh a thabhairt do cheiliúraí an Aifrinn agus daoine a ullmhú do bhaistí agus ag an am céanna, iad rannpháirteach ag baistí is ag bainiseacha. Baineann tréimhse shuntasach machnaimh agus oiliúna le Ministreacht Caiticeasmóra agus leis an Diacónacht Bhuan araon.
**Tá tuilleadh eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an Athair Hugh Clifford, Teil. : 091637154**



# PARÓISTE AN SPIDÉIL
## AN TRIÚ DOMHNACH DEN CHARGHAS
## 8 MÁRTA 2026

tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie

| | | | **Aifrinn & Intinní na Seachtaine** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 11.00r.n. | Micheál & Máire Ó Cuanaigh, mac Stiofán & iníon Fionnuala *Bearna* |
| Céadaoin | 11ú | 11.00r.n. | ***Cóineartú Rang 6 Scoil Éinne.*** |
| Déardaoin | 12ú | 10.00r.n. | Aifreann |
| Dé hAoine | 13ú | 10.00r.n.<br>8.00in-9.00in | Aifreann<br>Uair Bheannaithe |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 11.00r.n. | Pádraic Ó Curraoin **Aifreann Cinn Míosa** *Baile Éamoinn/An tAonach, Thiobraid Árann*<br>Tom Concannon & Mhac Peter Concannon **Aifreann Cinn Míosa** *Boston /Florida*<br>Pat Dirrane **Céad Cuimhneacháin** *Baile an tSagairt*<br>Éamonn Ó Neachtain **11ú Cuimhneachán** *Seannamhoinn*<br>Liam Ryan *Cnoc/Indreabhán*<br>Ted Ó Bearra **36ú Cuimhneachán** a mhac Feargal, & gar iníon Bróna *Bothúna*<br>Pádraic Ó Coisdealbha *Baile an Domhalláin* |
| Dé Máirt | 17ú | 11.00r.n. | Tess & Peadar Mac Flannadha *Sidheán* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MAIL** |
| Dé Sathairn | 7ú | 6.30i.n. | Mary Treasa Mc Keown **Céad Cuimhneacháin** *Ros a Mhíl* |
| Dé Satharn | 14ú | 6.30i.n. | Arele Garvey **2ú Cuimhneachán** *Rhode Island*<br>Muintir Garvey & Flynn *Rhode Island*<br>An t-Allas Fola sa ghairdín |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 9.30r.n. | Mary Treasa Mc Keown **Céad Cuimhneacháin** *Ros a Mhíl* |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 9.30r.n. | |
| Dé Máirt | 17ú | 9.30 i.n. | Seán Ó Máille *Minna*<br>Páraic Ó Céide 10ú Cuimhneachán *Cnoc a dTua* |

**Loinneog don Iontróid**

Dúirt mo chroí leat: lorg mé do ghnúis; lorgóidh mé do ghnúis, a Thiarna. Ná hiompaigh d'aghaidh uaim.

**Urnaí**

A Dhia, is tú údar gach trócaire agus maitheasa; thaispeáin tú dúinn gur i dtroscadh, in urnaithe agus i ndéirc, atá leigheas le fáil ar an bpeaca; féach anois go ceansa ar ár bhfaoistin umhal; tá ár gcoinsias ag cur ceann faoi orainn, ach cuirse ardú croí orainn le do thrócaire. Trí Chríost....

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as leabhar Exodus – 17:3-7*

Bhí íota tarta ar an bpobal agus rinneadar monabhar in aghaidh Mhaois. 'Cad chuige gur thug tú amach as an Éigipt sinn?' ar siad. 'An d'fhonn go bhfaighimis féin agus ár gclann agus ár stoc bás le tart?' Ghlaoigh Maois ar an Tiarna. 'Cad a dhéanfaidh mé leis an bpobal seo? Is beag nach bhfuil siad ag gabháil de chlocha ionam.' Agus dúirt an Tiarna le Maois: 'Tabhair leat cuid de sheanóirí Isráél agus téigh ar thosach an tslua. Beir i do láimh ar an tslat lenar bhuail tú an abhainn, agus seo leat. Féach! beidh mé i mo sheasamh ansiúd ar an gcarraig romhat i Hóréb. Buail an charraig agus snífidh uisce aisti le hól ag an bpobal.' Agus rinne Maois amhlaidh i láthair sheanóirí Isráél. Thug sé Masá agus Meríba ar an áit de bharr chasaoid chlann Isráél agus go ndearnadar promhadh ar an Tiarna á rá: 'An bhfuil an Tiarna farainn nó nach bhfuil?'

*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 94

*Fr:* **Á, dá n-éistfeadh sibh lena ghuth inniu: Ná calcaigí bhur gcroí.'**

1. Tagaigí, déanaimis gairdeas don Tiarna,
   tógaimis gártha áthais do Charraig ár slánaithe.
   Tagaimis ina láthair le moltaí,
   déanaimis gairdeas dó le laoithe. *(Fr)*
2. Tagaigí, adhraimis agus sléachtaimis,
   feacaimis ár nglúine don Tiarna a rinne sinn.
   Óir is é ár nDia é, agus is sinne
   pobal a aoireachta agus caoirigh a lámh. *(Fr)*
3. Á, dá n-éistfeadh sibh lena ghuth inniu:
   'Ná calcaigí bhur gcroí mar a tharla i Meríba,
   mar a tharla an lá úd ag Masá san fhásach
   mar ar chuir bhur n-aithreacha cath orm,
   mar ar thriail siad mé cé go bhfaca siad m'obair.

**An Dara Léacht** *Rómh. 5:1-2, 5-8*

*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh*

A bhráithre, ó táimid fíréanaithe ag an gcreideamh, tá síocháin againn le Dia trínár dTiarna Íosa Críost, mar is trídsean atá teacht againn le creideamh ar an ngrásta seo ina mairimid. Agus ábhar mórála dúinn is ea an dóchas go bhfuil glóir Dé i ndán dúinn. Ní chliseann an dóchas seo orainn mar tá ár gcroí líonta de ghrá Dé ag an Spioraid Naomh a tugadh dúinn. Nuair a bhíomar fós lag fuair Críost bás i dtráth ar son drochdhaoine. Is ar éigean a gheobhadh fear bás ar son duine chóir – is ea, b'fhéidir go mbeadh sé de chroí aige bás a fháil ar son dea-dhuine. Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh.

*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Véarsa** – Eo 4:42, 15

A Thiarna, is tú dáiríre Slánaitheoir an tsaoil; tabhair dom an t-uisce beo i dtreo nach mbeidh tart orm choíche.

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 4:5-42*

Tháinig Íosa isteach sa tSamáir go dtí áit ina bhfuil tobar Iácób. Bhí tuirse ar Íosa ón turas (aistear) agus shuigh sé ag an tobar. Tháinig bean ag tarraingt uisce. Dúirt Íosa léi: 'Tabhair dom deoch.' Dúirt an bhean leis: 'Cén fáth go n-iarrann tusa (Giúdach) deoch ormsa (Samáireach mná)?' Ní bhíonn aon teagmháil idir na Giúdaigh agus na Samáirigh. Dúirt Íosa léi: 'Dá mbeadh a fhios agat cé hé a deir leat: "Tabhair dom deoch," is tusa a bheadh ag iarraidh deoch uaim, agus thabharfadh mé duit uisce beo.'

'Níl aon bhuicéad agat,' arsa an bhean leis, 'agus tá an tobar domhain. Cén chaoi a bhfaighidh tú uisce beo?' D'fhreagair Íosa: 'Gach duine a ólfaidh an t-uisce seo,' ar sé léi, 'beidh tart arís air. Ach má ólann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. An t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh sé tobar uisce de istigh ann don bheatha síoraí.'

Dúirt an bhean leis: 'A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin i dtreo nach mbeidh tart orm choíche agus nach gcaithfidh mé teacht anseo ag tarraingt uisce.'

*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

*An Chré*

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar. Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Rúndiamhair an chreidimh.

**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

Deonaigh go ceansa, de bharr na n-íobairtí seo, go scaoilfí sinn ónár gcionta féin, agus go ndéanfaimis ár ndícheall cionta ár mbráithre a mhaitheamh. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh.*

**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.**

**Iarchomaoineach**

Sásaítear sinn le bia na bhflaitheas agus sinn fós ar talamh, nuair a ghlacaimid geall na beatha síoraí. Impímid go humhal ort, a Thiarna, a bhfuil á fheidhmiú ionainn ó rúndiamhair, go gcomhlíonfar é ó bheart. Ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.**Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**

Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.
**Buíochas le Dia.**

***An Ghlóir***

*Glóir do Dhia sna harda, agus ar talamh síocháin do lucht* ***dea-thola.***
*Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit; gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; aThiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.*
*A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar, tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn. Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.* ***Amen.***

**CLÚDACH SEACHTAINIÚLA 2026**

**Tá na boscaí clúdaigh do Bhailiúchán na Séipéal 2026 réidh le bailiú.**

**Tá cúpla ceann fós le bailiú.**

**Muna bhfuair tú bosca nó má tá tú ag iarraidh bosca, tá foirmeacha san oifig.**
**Buail isteach chuig Oifig an Pharóiste chun Clúdach a fháil.**

***Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.***